Léarscáil Shiollabas na Grafaice Dearaidh agus Cumarsáide

Aibhsíonn léarscáil Shiollabas na Grafaice Dearaidh agus Cumarsáide na nascanna idir na gnéithe éagsúla den tsiollabas.Ní mór na nascanna seo a bhunú go ceart ionas go dtuigfidh na daltaí na topaicí éagsúla go hiomlán agus dul i ngleic leo ar bhonn comhtháite..

> 'Ní mór do na hidir-ghaolmhaireachtaí idir réimsí an ábhair ról a ghlacadh sa teagasc agus sa bhfoghlaim agus ba chóir na nascanna idir na topaicí éagsúla a bhunú.' (Dréacht-Threoirlínte do Mhúinteoirí, lch.11)

Is é croílár an ábhair ná na príomhchoincheapa agus na blocanna tógála go gcaithfidh an dalta dul i ngleic leo sarar bhféadann sé/sí tabhairt faoi bhreis staidéir san ábhar. Is éard atá sna coincheapa seo ná úsáid an trealaimh liníochta láimhe , DRC agus bogearraí TFR eile, agus forbairt na scileanna sceitseála, scileanna TFR, agus tuiscint ar bhunphrionsabail agus ar bhuntheoraicí an chéimseata phlána agus thuairisciúla. Agus tú ag prapáil don teagasc is den riachtanas é féachaint chuige go bhfuil na codanna bunúsacha clúdaithe agat agus go ndéantar an t-ábhar a theagasc ina dhiaidh sin i slí chomhtháite , áit a ndéantar na coincheapa agus na déantúis a cuireadh i láthair i réimse amháin a chur bhfeidhm in athuair, a leathnú agus a mháistreacht i réimsí gaolta leis.

Is é an croí-réimse seo bonn an ábhair seo a chuimsíonn na príomhmhíreanna go léir sa Ghrafaic Dearaidh agus Cumarsáide. Is í is cuspóir leis ná tuiscint domhain a a thabhairt do dhaltaí ar phrionsabail an chéimseata phlána agus thuairisciúla agus ar chumarsáid na ngrafaicí dearaidh agus ríomhaireachta. Níl aon chliarlathas i míreanna an chroí-réimse agus níl aon ord ainmnithe do theagasc na míreanna céanna**.** Tá aonaid áirithe den chroí-réimse, áfach, a chuireann taca faoi staidéar réimsí eile; mar shampla, d'fhéadfaí tabhairt faoi staidéar na bhfiarphlánaí agus an teilgin chúnta sara dtabharfaí faoi mhionstaidéar ar thrasnú dromchlaí. Tá tuiscint ar Chórais Theilgin, áfach, lárnach do gach uile topaic:

> **An cumas spás tríthoiseach a chur in iúl in dhá thoisc is ea is bonn le himscrúdú agus fuascailt gach faidhbe céimseata a bhaineann le hanailís ar sholad** (Siollabas na Grafaice Dearaidh agus Cumarsáide, lch.12)

Is ceart a lua chomh maith go mba chóir féachaint ar chéimseata plána mar chrann taca do na topaicí eile sa chroí-réimse seachas féachaint air mar aon mar thopaic ar leith. Ba chóir nascanna a bhunú - nuair is féidir - idir gach aon mhír sa chroí-réimse agus na topaicí roghnacha. Ba chóir misneach a chur ar scolaírí ar bhonn leanúnach a gcuid smaointe a chur in iúl trí mheáin na liníochta saorláimhe agus DRC feadh an chúrsa uililg agus ní hamháin do tháirgeadh an taisc dhalta.. Ba chóir an scil a lorgaítear i dtairgeadh an taisc dhalta a fhorbairt agus a chothú trí chur chuige comhtháite do theagasc agus foghlaim an chroí-réimse agus na roghanna roghnaithe.